Scéalta Rugbaí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar scéalta rugbaí. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail ar dheis?

1. deimhnithe	*a) omitted*
2. ar lár	*b) in the meantime*
3. gortú tromchúiseach glúine	c) *despite*
4. buille mór	d) *sprained ligament*
5. ballnasc leonta	e) *confirmed*
6. idir an dá linn	f) *serious knee injury*
7. lucht eagraithe na Sé Náisiún	g) *head injury assessment*
8. eachtra chonspóideach	h) *contentious incident*
9. ainneoin	i) *hard blow*
10. scrúdú gortú cinn	j) *the Six Nations' organisers*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.



Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus cuir na focail ó cheist 1 thuas faoi na hainmneacha cearta.

Josh Van de Flier

Antoine Dupont

Ceist 3 Féach ar an tuairisc an dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil mí-ádh ar Éirinn agus ar Chúige Laighean?

2. Déan cuir síos ar an eachtra chonspóideach a tharla ag deireadh an chluiche Dé Sathairn seo caite.

3. Cén fáth nach bhfuil an oiread cainte faoin eachtra sin anois?

Ceist 4 '…in aghaidh **na hIodáile** …'

1. Cad iad na tíortha eile, nó na foirne eile, atá páirteach i gCraobh na Sé Náisiúin?

   An Iodáil
   _____
   _____
   _____
   _____
   _____

2. Anois, cuir an réamhfhocail comhshuite 'in aghaidh' roimh na foirne atá agat faoi cheist 1 thuas.

   in aghaidh na hIodáile
   _____
   _____
   _____
   _____
   _____

Ceist 5 '…Cúige Laighean…'

1. Cad iad na cúigí eile in Éirinn?
2. Cén cúige inar rugadh tú féin? Scríobh amach contaetha an chúige sin anois.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil dúil agat i rugbaí? Cén fáth?
2. An duine mór spóirt tú? Mínigh.
3. Conas a chuireann spórt náisiúnta le féiniúlacht chultúrtha an náisiúin?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
e	a	f	i	d	b	j	h	c	g

Ceist 2
Josh Van de Flier
deimhnithe
ar lár
gortú tromchúiseach glúine
buille mór
ballnasc leonta
Antoine Dupont
idir an dá linn
lucht eagraithe na Sé Náisiún
eachtra chonspóideach
ainneoin
scrúdú gortaithe cinn

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

An Iodáil:	in aghaidh na hIodáile
An Fhrainc:	in aghaidh na Fraince
Sasana:	in aghaidh Shasana
Éire:	in aghaidh na hÉireann
Albain:	in aghaidh na hAlban
An Bhreatain Bheag:	in aghaidh na Breataine Bige

Ceist 5

Cúige Chonnacht	Cúige Mumhan
1. Contae na Gaillimhe 2. Contae Liatroma 3. Contae Mhaigh Eo 4. Contae Ros Comáin 5. Contae Shligigh	6. Contae Chiarraí 7. Contae an Chláir 8. Contae Chorcaí 9. Contae Luimnigh 10. Contae Phort Láirge 11. Contae Thiobraid Árann
Cúige Laighean	**Cúige Uladh**
12. Contae Bhaile Átha Cliath 13. Contae Cheatharlach 14. Contae Chill Chainnigh 15. Contae Chill Dara 16. Contae Chill Mhantáin 17. Contae na hIarmhí 18. Contae Laoise 19. Contae Loch Garman 20. Contae an Longfoirt 21. Contae Lú 22. Contae na Mí 23. Contae Uíbh Fhailí	24. Contae Aontroma 25. Contae Ard Mhacha 26. Contae an Chabháin 27. Contae Dhoire 28. Contae an Dúin 29. Contae Dhún na nGall 30. Contae Fhear Manach 31. Contae Mhuineacháin 32. Contae Thír Eoghain

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ruairí Mac Con Iomaire

Cúrsaí rugbaí anois agus, tá sé deimhnithe inniu, ní hamháin nach mbeidh Josh van der Flier ar fáil don chluiche in aghaidh na hIodáile Dé Sathairn seo chugainn, ach beidh sé ar lár dá thír agus dá chúige don chuid eile den séasúr, de bharr gortú tromchúiseach glúine a d'fhulaing seisean sa gcéad[1] leath sa gcluiche[2] sa *Stade de France*, tráthnóna arú inné. Buille mór atá ansin d'Éirinn agus do Chúige Laighean ach go háirithe, agus ballnasc a ghlúine leonta go dona aige, is cosúil.

Idir an dá linn, tá sé dearbhaithe ag lucht eagraithe na Sé Náisiún go bhfuil siadsan ag fiosrú eachtra chonspóideach a tharla i dtreo dheireadh an chluiche chéanna ansin, nuair a tógadh Antoine Dupont den pháirc le scrúdú cinn a chur air, ainneoin gur léir gurbh[3] í a chos a bhí gortaithe aige. D'fhág an rialú go raibh scrúdú gortaithe[4] cinn de dhíth, go raibh na Francaigh in ann Machenaud a thabhairt ar ais ar an bpáirc arís ina áit.

D'fhág gaisce iontach na hÉireann agus Johnny Sexton ag deireadh an chluiche sin, nach bhfuil an oiread cainte anois b'fhéidir faoin gconspóid úd. Ach, scéal eile ar fad a bheadh ann, bí cinnte, dá mba rud é nár éirigh le hiarracht Sexton, go háirithe agus conspóid den chineál céanna tarlaithe anuraidh, i bPáras, in aghaidh na Breataine Bige.

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas Chonnacht
[3] *gurb* a dúradh
[4] *scrúdú gortú cinn* a dúradh